
An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Réadmhaoin Fholamh Deontas Athchóirithe

## Ciste Chroí Cónaithe (Bailte)

Foirm Iarratais



# Maidir leis an bhfoirm seo

Is féidir an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh chun réadmhaoin fholamh a athchóiriú.

Tá sé tábhachtach an fhoirm seo a léamh go cúramach **sula** líonann tú isteach í. Cén fáth? Toisc go sábhálfaidh sé am duit agus cabhróidh sé leis an údarás áitiúil d'iarratas a phróiseáil níos tapúla. Is féidir leat an fhoirm a líonadh isteach tú féin nó cabhair a fháil ó dhuine a bhfuil aithne agat air agus a bhfuil muinín agat as chun an fhoirm seo a líonadh isteach duit. Mar sin féin, beidh ort í a shíniú agus dearbhú go bhfuil an t-eolas ar fad ceart agus fíor ar Leathanach 11.

## a) Cad chuige a bhfuil an fhoirm seo le haghaidh?

Tá deontas amháin ar fáil d'iarratasóirí incháilithe chun tacú le hathchóiriú ar réadmhaoin fholamh:

1. **Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh**

## b) Coinníollacha maidir leis an deontas

Beidh ar an iarratasóir:

- ✓ na critéir incháilitheachta a leagtar amach ar Leathanach 6 a chomhlíonadh;
- ✓ a bheith ina chónaí sa teach mar a phríomháit chónaithe phríobháideach ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha ar an teaghais;
- ✓ a ghnóthaí cánach a bheith in ord, le himréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- ✓ a chinntiú go mbeidh an Cháin Mhaoine Áitiúil in ord nuair is infheidhme;
- ✓ aontú leis na coinníollacha aisghlámtha a leagtar amach i Leathanach 7;
- ✓ **an t-iarratas ar dheontas a bheith ceadaithe sula gcuirtear tús leis an obair.**

Tabhair faoi deara nach féidir ach iarratas a dhéanamh ar dheontas amháin faoin scéim seo.

## c) Seicliosta le haghaidh doiciméad atá le seoladh leis an bhfoirm seo

Chun é a dhéanamh níos fusa duit na doiciméid go léir ar gá duit a sheoladh leis an bhfoirm seo a fheiceáil, tá **seicliosta** ar Leathanach 12. Tá sé tábhachtach go léifeá an seicliosta seo sula líonann tú isteach d'fhoirm iarratais – **agus** déan cinnte go seolann tú na doiciméid go léir in éineacht le d'fhoirm iarratais chomhlánaithe.

## d) Cén áit le d'fhoirm chomhlánaithe a sheoladh

Ní mór duit iarratas a dhéanamh chuig d'údarás áitiúil ag baint úsáid as an bhfoirm seo le haghaidh Deontais Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Má tá aon cheist agat, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Tithe Folmha i d'údarás áitiúil agus is féidir leo cabhrú leat.

# Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh Leibhéil an Deontais

Tá deontas suas le **€30,000** ar a mhéad ar fáil le hathchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoine folmha lena n-áitiú mar phríomháit chónaithe phríobháideach, lena n-áirítear athchóiriú réadmhaoine nár úsáideadh mar áit chónaithe go dtí seo, faoi réir cead pleanála cuí a bheith i bhfeidhm. Tá sé sin faoi réir uasteorainneacha do na cineálacha oibre a shonraítear thíos ag féachaint do mheasúnú ar an gcostas réasúnta ag an údarás áitiúil. Tá costas CBL na n-oibreacha san áireamh sa Deontas.

Sa chás go bhfuiltear ag súil go sáróidh na costais athchóirithe an deontas caighdeánach suas le **€30,000**, tá uasdeontas breisithe suas le **€20,000** ar fáil má dheimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil an réadmhaoin tréigthe (i.e. neamhfhónta ó thaobh struchtúir de agus contúirteach) nó má tá an réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe cheana féin, rud a thugann an deontas iomlán atá ar fáil do réadmhaoin thréigthe suas go huasmhéid de **€50,000**. I gcás deontas breisithe maidir le réadmhaoin thréigthe nach bhfuil ar Chlár na Láithreán Tréigthe, ceanglaítear tuarascáil neamhspleách ullmhaithe ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach mar aon leis an iarratas lena ndeimhnítear go bhfuil an réadmhaoin tréigthe.

Beidh orthu siúd a dhéanann iarratas ar an Deontas a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais má tá iarratas á dhéanamh acu ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh amháin nó ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh lena

n-áirítear an Deontas breisithe do Réadmhaoin Thréigthe.

Beidh leibhéal an Deontais ag brath ar na hoibreacha a cheadaigh an t-údarás áitiúil agus íocfar é bunaithe ar chaiteachas dearbhaithe tar éis don údarás áitiúil iniúchadh deiridh a dhéanamh.

D'fhéadfadh go mbeadh Deontas Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr SEAI[1] ar fáil in éineacht leis an Deontas seo. Dá bhrí sin, ní chlúdófar oibreacha atá clúdaithe ag Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr SEAI faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh. Caithfidh an t-údarás áitiúil iad féin a shásamh nach n-éilítear oibreacha beartaithe faoi aon deontas eile.

# Réadmhaoine Incháilithe

Caithfidh na réadmhaoine a mheastar a bheith san áireamh a bheith:-

- folamh ar feadh dhá bhliain nó níos mó; agus
- tógtha roimh 1993[2].

Chun go measfaí go bhfuil réadmhaoin tréigthe (i.e. neamhfhónta ó thaobh struchtúir de agus contúirteach), ní mór don iarratasóir é sin a dhearbhú trí thuarascáil neamhspleách arna hullmhú ag gairmí atá cáilithe go cuí a chur isteach in éineacht leis an bhfoirm iarratais. Is féidir a mheas freisin go bhfuil an réadmhaoin tréigthe má tá sí ar Chlár na Láithreán Tréigthe de chuid an údaráis áitiúil.

Is féidir dearbhú réadmhaoine foilmhe a bhailíochtú agus a fhíorú trí úsáid a bhaint as, mar shampla, billí fóntais, ar féidir leo cabhrú le tréimhsí foilmhe a chinneadh (e.g. patrún úsáide nó dínasctha) nó cibé cruthúnais eile atá ar fáil, chun sástacht an údaráis áitiúil. Ní mór don údarás áitiúil dearbhú réadmhaoine foilmhe a bhailíochtú agus a fhíorú sula ndeonaítear formheas.

[1] Áirítear le Deontais SEAI Insliú Áiléir suas le €1,700, Insliú Cuasbhalla suas le €1,700, Insliú Inmheánach suas le €4,500, Insliú Balla Seachtraigh suas le €8,000, Córais Teaschaidéil suas le €6,500, Fuinneamh Fótavoltach Gréine suas le €2,400. Tá níos mó sonraí ar fáil ar shuíomh SEAI: www.seai.ie

[2] Ailínithe le tosaíocht faoi Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr SEAI

Teastaíonn cruthúnas ar réadmhaoin fholamh agus úinéireacht araon chun tacú leis an íocaíocht deontais. Maidir le húinéireacht, is faoin iarratasóir atá sé úinéireacht a dhearbhú leis an údarás áitiúil. Beidh fianaise gur tógadh an réadmhaoin roimh 1993 ag teastáil freisin.

Féadfaidh údarás áitiúil formheas i bprionsabal a thabhairt d'iarratas ar dheontas i gcás ina bhfuil an t-iarratasóir in ann fianaise a chur ar fáil ar idirbheartaíocht ghníomhach chun réadmhaoin a cheannach i.e. dearbhú ar fhruiliú ón ngníomhaire eastáit nó ó úinéir na réadmhaoine agus nuair a sholáthraíonn an t-úinéir cibé fianaise maidir le foilmhe a theastaíonn faoin scéim thar ceann an iarratasóra.

Ní dheimhneofar formheas den sórt sin i bprionsabal mar fhormheas iomlán go dtí go mbeidh an úinéireacht aistrithe chuig an iarratasóir. Ní fhéadfar aon tarraingt anuas a dhéanamh go dtí go mbeidh an úinéireacht sin deimhnithe chun sástacht an údaráis áitiúil.

Tá fianaise úinéireachta ar an íocaíocht deontais, a d'fhéadfadh an t-údarás áitiúil ábhartha a bhreithniú, leagtha amach sa tábla thíos.

| Ceanglais Úinéireachta le haghaidh íocaíocht deontais | Samplaí de Chruthúnas ar féidir a chur isteach |
|---|---|
| Caithfidh an t-úinéir a bheith ina dhuine aonair ar leis nó léi an teaghais (cibé acu i gcomhpháirt nó nach ea) agus ní mór don údarás áitiúil é féin a shásamh maidir leis an úinéireacht roimh an deonú. | • gníomhas teidil[3] nó ionstraim dlí atá cosúil leis lena gcruthaítear úinéireacht na réadmhaoine;<br>• fianaise ar pholasaí / sceideal árachais foirgnimh íoctha reatha;<br>• fianaise gur íocadh Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ);<br>• ráiteas morgáiste dar dáta laistigh de 12 mhí anuas. |

**Caithfidh an t-úinéir ábhartha a bheith ina chónaí sa teaghais mar a phríomháit chónaithe phríobháideach ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha ar an teaghais.** Caitear dearbhú a chur ar fáil go bhfuil sé ar intinn ag an duine aonair cónaí sa teaghais mar a phríomháit chónaithe phríobháideach ar chríochnú na n-oibreacha cáilitheacha ar an teaghais don údarás áitiúil agus beidh feidhm ag coinníollacha aisghlámtha i gcás go scoirfidh an t-iarratasóir de bheith ina chónaí sa teaghais mar phríomháit chónaithe phríobháideach.

**Nuair is cuí, caithfidh an t-iarratasóir fianaise a chur isteach ar chead pleanála don fhorbairt / oibreacha beartaithe nó dearbhú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála.**

D'fhéadfadh forbairt a bhfuil gá le cead pleanála di a bheith i gceist le hathchóiriú a dhéanamh ar réadmhaoin fholamh chun a háitithe. Nuair is cuí, beidh ar iarratasóir faoin scéim fianaise a chur isteach go bhfuil cead pleanála faighte sula gceadaítear an deontas deiridh. I gcásanna ina n-éiríonn ceist maidir le cibé an dteastaíonn cead pleanála d'fhorbairt bheartaithe nó an forbairt dhíolmhaithe í beidh ar iarratasóir faoin scéim dearbhú díolúine a chur isteach faoi Alt 5, de na hAchtanna Pleanála. D'fhéadfadh go n-eascródh an cheist sin, go háirithe, i gcás athrú úsáide, réadmhaoine a bhí folamh ar feadh tréimhse fada ama, agus réadmhaoin atá in ndroch-staid shubstaintiúil agus / nó a dteastaíonn oibreacha substaintiúla uathu.

Féadfaidh údarás áitiúil formheas i bprionsabal a thabhairt d'iarratas ar dheontas sa chás go mbíonn ar an iarratasóir cead pleanála a fháil don fhorbairt / oibreacha atá i gceist. Sna himthosca sin cuirfidh an t-iarratasóir sonraí faoina iarratas pleanála reatha in éineacht lena iarratas ar dheontas. Ní dheimhneofar aon fhormheas deontais i bprionsabal mar fhormheas iomlán go dtí go mbeidh cinneadh deiridh eisithe ag an údarás pleanála maidir leis an iarratas pleanála.

[3] Is féidir gníomhas teidil a fháil ó Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann (www.prai.ie)

# Cineálacha Oibre a Chlúdaítear

Tá na catagóirí oibreacha seo a leanas i dteideal cúnamh deontais, faoi réir measúnú costais réasúnta ag an údarás áitiúil agus de réir na dteorainneacha le haghaidh oibreacha sonracha mar atá leagtha amach sa tábla thíos. Ní mór na hoibreacha a fhormheas roimh ré, tar éis don údarás áitiúil iniúchadh a dhéanamh ar an réadmhaoin lena mbaineann.

**Beidh riachtanais athchóirithe do gach réadmhaoin difriúil ag brath ar chineál / méid / riocht an fhoirgnimh reatha. Tá leibhéil tairsí na gcostas a leagtar amach thíos bunaithe ar ghnáth-theach leathscoite, dhá stór, 3 leaba.**

| | Catagóir na nOibreacha | Uasteorainn ar Ghnéithe Sonracha (CBL san áireamh) bunaithe ar theach leathscoite, dhá stór, 3 leaba |
|---|---|---|
| **1.** | **Scartáil / Baint amach / Glanadh Láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | Uasmhéid €30,000 le haghaidh Deontas Réadmhaoine Foilmhe amháin<br>Uasmhéid €50,000, Deontas Breisithe Tréigthe san áireamh |
| **2.** | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí ag ardú; leapacha / leaca; taisdíonadh; fothaca) | Uasmhéid €30,000 le haghaidh Deontas Réadmhaoine Foilmhe amháin<br>Uasmhéid €50,000, Deontas Breisithe Tréigthe san áireamh |
| **3.** | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha / seachtracha; simléir; urláir uachtaracha; staighrí; struchtúr dín; adhmaid struchtúracha eile) | Uasmhéid €30,000 le haghaidh Deontas Réadmhaoine Foilmhe amháin<br>Uasmhéid €50,000, Deontas Breisithe Tréigthe san áireamh |
| **4.** | **Críochnuithe** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le doirse agus fuinneoga seachtracha; doirse inmheánacha agus frámaí, imchlásálacha agus earraí iarainn gaolmhara; balastráidí; cláir sciorta; díonléasacha; éadain / tairr; earraí uisce báistí) | |
| **4a** | críochnuithe seachtracha (lena n-áirítear doirse, fuinneoga, leaca) | €15,000.00 |
| **4b** | críochnuithe inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchlásálacha, earraí iarainn) | €5,000.00 |
| **4c** | cláir sciorta | €2,500.00 |
| **4d** | éadain, tairr, earraí uisce báistí | €3,000.00 |
| **4e** | críochnuithe dín (lena n-áirítear gealánacha, éadain, tairr, gáitéir, fánphíobáin) | €10,000.00 |

| | Catagóir na nOibreacha | Uasteorainn ar Ghnéithe Sonracha (CBL san áireamh) bunaithe ar theach leathscoite, dhá stór, 3 leaba |
|---|---|---|
| **5.** | **Bailchríocha** (lena n-áirítear bailchríocha ar bhallaí seachtracha / inmheánacha; bailchríocha síleála; bailchríocha tílithe / uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha; bailchríocha dín) | |
| **5a** | bailchríocha tílithe / uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha | €2,000.00 |
| **5b** | péinteáil agus maisiúchán | €7,500.00 |
| **5c** | bailchríocha dín | €10,000.00 |
| **6.** | **Seirbhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht; téamh; aeráil; cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; brathadóireacht deataigh / CO2) | Max €30,000 for Vacant Property Grant only Max €50,000 incl. Derelict Top-Up Grant |
| **7.** | **Feistis** (lena n-áirítear aonaid cistine; feistis sláintíochta / feistis don seomra folctha) | |
| **7a** | aonaid cistine | €5,500.00 |
| **7b** | earraí sláintíochta / feistis don seomra folctha | €2,000.00 |
| **8.** | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha / láithreáin riachtanacha arna ndéanamh laistigh de chúirtealáiste an láithreáin) | €5,000.00 |
| **9.** | **Síneadh** laistigh de raon na forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, mar chuid d'athchóiriú níos leithne | Max €30,000 for Vacant Property Grant only Max €50,000 incl. Derelict Top-Up Grant |
| **10.** | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha** (táillí / suirbhéanna) | 10% + VAT of the nett construction cost or €10k, whichever is the lesser |

## Coinníollacha Deontais Breise

Faoi réir an mhéid thuas, beidh feidhm ag na coinníollacha breise seo a leanas:-

- ní mór d'iarratasóirí na critéir cháilitheachta a leagtar amach thíos a shásamh;
- ní féidir le hiarratasóirí ach iarratas a dhéanamh ar dheontas amháin faoin scéim seo;
- ní mór d'iarratasóirí a bheith ina gcónaí sa teach mar a bpríomháit chónaithe phríobháideach nuair a bheidh siad críochnaithe;
- caithfidh iarratasóirí a ngnóthaí cánach a bheith in ord, le himréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim;
- caithfidh iarratasóirí aontú leis na coinníollacha aisghlámtha a leagtar amach ar Leathanach 7;
- ní mór an réadmhaoin roimhe seo a bheith á díol ag iarratasóirí nó í a bheith díolta acu cheana;
- ní mór d'iarratasóirí caiteachas deimhnithe a sholáthar ar na hoibreacha a dhéantar.

# Critéir Cháilitheachta Iarratasóra

Tá an Ciste dírithe ar úinéireacht tí. Tá raon daoine aonair nó teaghlach, ina bhfuil an réadmhaoin ina bpríomháit chónaithe phríobháideach, incháilithe chun leas a bhaint as an scéim, agus tabharfar tosaíocht d'iarratais lena mbreithniú ag baint úsáid as an gcreat thíos agus ag teacht leis an maoiniú iomlán atá ar fáil. Cuirtear na tosaíochtaí i bhfeidhm ar scála sleamhnáin.

## Creat Tosaíochtaí

1. Iarratasóirí ar Ceannaitheoirí Céaduaire iad (i.e. nach bhfuil teach ceannaithe nó tógtha acu dóibh féin) nó a cháilíonn faoin bprionsabal 'Tús Úr'. Áirítear leis an bprionsabal Tús Úr úinéirí tí roimhe seo gur bhain colscaradh nó idirscaradh leo, nó dócmhainneacht nó féimheacht, agus nach bhfuil leas dlíthiúil acu sa teach roimhe sin a thuilleadh.

2. Iarratasóirí (seachas 1 thuas) a bhfuil riachtanais ar leith acu – go háirithe, daoine faoi mhíchumas nó daoine scothaosta atá ag bogadh óna dteach reatha atá á dhíol acu nó atá díolta acu agus ar mian leo a athchóiriú agus cónaí i réadmhaoin fholamh.

3. Iarratasóirí (seachas 1 agus 2 thuas) atá ag bogadh óna dteach reatha atá á dhíol acu nó atá díolta acu agus ar mian leo a athchóiriú agus cónaí i réadmhaoin fholamh.

Tá an scéim ar fáil go heisiach do dhaoine aonair nó do theaghlaigh a mbeidh an réadmhaoin ina príomháit chónaithe phríobháideach acu. Níl sé ar fáil do ghnóthais agus / nó d'fhorbróirí, srl. agus ní mór an réadmhaoin roimhe seo a bheith á díol ag iarratasóirí nó í a bheith díolta acu.

Ní fhéadfaidh iarratasóirí leas a bhaint as an deontas ach uair amháin agus cinnteoidh na húdaráis áitiúla go ndéanfar rianú agus seiceáil leordhóthanach ar sheoltaí réadmhaoine ina leith seo.

D'fhéadfadh ceannaitheoirí a bhaineann leas as an scéim seo a bheith incháilithe freisin d'Iasacht Tí Údaráis Áitiúil, nó, deontais iarfheistithe faoin Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr. I gcás deontais iarfheistithe, ní chuirfidh an t-údarás áitiúil an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh ar fáil don obair chéanna. Cinnteoidh údaráis áitiúla nach bhfuil cúnamh deontais faighte ag na hoibreacha trí scéim ar bith eile agus beidh ar iarratasóirí aon fhaisnéis a iarrfaidh údarás áitiúil a chur ar fáil maidir le haon chúnamh deontais eile le haghaidh oibreacha a ndéantar iarratas orthu..

# Laithreáin Incháilithe

Tar éis leathnú ar an Deontas le déanaí, tá feidhm aige anois maidir le réadmhaoine folmha cáilitheacha i gcathracha, i mbailte, i sráidbhailte agus i gcodanna tuaithe den tír.

Déanfaidh údaráis áitiúla iarratais a mheas agus a chur in ord tosaíochta bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- leibhéil fhoriomlána na réadmhaoine folmha agus na bhfoirgneamh tréigthe laistigh dá limistéir riaracháin;
- an t-iarratas a mheas de réir na mbreithnithe atá leagtha amach ar Leathanach 6 thuas;
- ailíniú le beartais an phlean forbartha ábhartha lena n-áirítear limistéir / cuspóirí a aithníodh le haghaidh athnuachana;
- an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Deontas mar chuid d'athghiniúint níos leithne go háirithe i bhfianaise na bPleananna Lár an Bhaile ar dTús atá ag teacht chun cinn agus comhtháthú le maoiniú tiomanta eile don athnuachan tríd an gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach, an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe agus an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.

# Aisghlámadh

Ceanglaítear go mbeidh an t-iarratasóir/na hiarratasóirí ina gcónaí sa réadmhaoin cháilitheach ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad ó dháta íocaíochta an Deontais. Má dhíolann siad an réadmhaoin ag am ar bith nó má scoireann sí de bheith ina príomháit chónaithe phríobháideach acu laistigh de **dheich mbliana**, ní mór dóibh cuid de luach iomlán an Deontais a aisíoc leis an údarás áitiúil, mar a leanas:

| Suas le 5 bliana | Thar 5 bliana agus níos lú ná nó cothrom le 10 mbliana | Thar 10 mbliana |
|---|---|---|
| 100% de mhéid airgeadaíochta an deontais | 75% de mhéid airgeadaíochta an deontais | Gan Aisghlámadh |

I gcás titim i luach na réadmhaoine, beidh an méid iomlán airgeadaíochta, faoi réir an chéatadáin aisghlámtha thuas, inaisíoctha leis an údarás áitiúil.

Ní mór comhaontú a thabhairt i gcrích idir an t-údarás áitiúil agus an t-iarratasóir ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha, lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin, a bheidh ina cheangal ar an iarratasóir ar

# Foirm Iarratais

**Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas ag baint úsáid as BLOCLITREACHA.**
**Mura líontar ceann de na míreanna thíos go hiomlán, d'fhéadfadh go gcuirfí moill ar d'iarratas.**

## Sonraí maidir le cé dó an deontas

Ainm

Seoladh baile

Éirchód

Dáta breithe

Seoladh ríomhphoist

Uimhir theileafóin an teagmhálaí

## Ceanglais Cháilitheachta

Cuir tic le bosca amháin thíos lena ndéantar an cur síos is fearr ar d'imthosca.

1. Iarratasóirí ar Ceannaitheoirí Céaduaire' iad (i.e. nach bhfuil teach ceannaithe nó tógtha acu dóibh féin) nó a cháilíonn faoin bprionsabal 'Tús Úr'. Áirítear leis an bprionsabal Tús Úr úinéirí tí roimhe seo gur bhain colscaradh nó idirscaradh leo, nó dócmhainneacht nó féimheacht, agus nach bhfuil leas dlíthiúil acu sa teach roimhe sin a thuilleadh. ☐
2. Iarratasóirí (seachas 1 thuas) a bhfuil riachtanais ar leith acu – go háirithe, daoine faoi mhíchumas nó daoine scothaosta atá ag bogadh óna dteach reatha atá á dhíol acu nó atá díolta acu agus ar mian leo a athchóiriú agus cónaí i réadmhaoin fholamh. ☐
3. Iarratasóirí (seachas 1 agus 2 thuas) atá ag bogadh óna dteach reatha atá á dhíol acu nó atá díolta acu agus ar mian leo a athchóiriú agus cónaí i réadmhaoin fholamh. ☐

Tabhair sonraí breise anseo mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta ábhartha

## Sonraí na Réadmhaoine Foilmhe

Seoladh na réadmhaoine ina ndéanfar an obair

Éirchód

Cá fhad atá an réadmhaoin folamh (i míonna)?

An mbeidh an duine ar dóibh an deontas ina chónaí anseo mar phríomháit chónaithe phríobháideach acu nuair a bheidh an obair críochnaithe?
**Is coinníoll é seo den deontas.** ○ BEIDH ○ NÍ BHEIDH

Ar chuir tú deimhniú ar fáil gur tusa úinéir na réadmhaoine, nó fianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoin a cheannach? ○ CHUIR ○ NÍOR CHUIR

Cuir tic sa bhosca a chuireann síos ar an mbaile

○ Scoite
○ Leathscoite
○ Sraithe
○ Árasán

An gcloíonn an réadmhaoin le Cáin Mhaoine Áitiúil?
(le comhlánú más úinéir na réadmhaoine thú) ○ CLOÍONN ○ NÍ CHLOÍONN

Cuir tic le ceann de na boscaí seo a leanas chun a léiriú cén deontas a bhfuil tú ag cur isteach air:

1) Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh ○

2) Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh lena n-áirítear an deontas breisithe do réadmhaoin thréigthe. ○

Beidh ort cruthúnas a sheoladh chuig d'údarás áitiúil go bhfuil Cáin Mhaoine Áitiúil cothrom le dáta ar an réadmhaoin ar a ndéanfar an obair. D'fhéadfadh litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó asphrionta den taifead ar líne a bheith i gceist, a thaispeánfaidh:

- go bhfuil an cháin íoctha; **nó**
- go bhfuil iarchur íocaíochta i gceist (íocfar Cáin Mhaoine Áitiúil níos déanaí); **nó**
- díolúine ó Cháin Mhaoine Áitiúil.

**B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar chomhairle ghairmiúil a fháil sula gcríochnaíonn tú an chéad chuid eile.**

**Cuir tic thíos faoi na hoibreacha beartaithe go léir atá ar intinn agat a dhéanamh ar do réadmhaoin agus luaigh costas gach ceann de na hoibreacha atá beartaithe**

| | Catagóir na nOibreacha | ✓ | Costas na nOibreacha Beartaithe |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Scartáil / Baint amach / Glanadh Láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | | € |
| **2.** | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí ag ardú; leapacha / leaca; taisdíonadh; fothaca) | | € |
| **3.** | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha / seachtracha; simléir; urláir uachtaracha; staighrí; struchtúr dín; adhmaid struchtúracha eile) | | € |
| **4.** | **Críochnuithe** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le doirse agus fuinneoga seachtracha; doirse inmheánacha agus frámaí, imchlásálacha agus earraí iarainn gaolmhara; balastráidí; cláir sciorta; díonléasacha; éadain / tairr; earraí uisce báistí) | | € |
| 4a | críochnuithe seachtracha (lena n-áirítear doirse, fuinneoga, leaca) | | € |
| 4b | críochnuithe inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchlásálacha, earraí iarainn) | | € |
| 4c | cláir sciorta | | € |
| 4d | éadain, tairr, earraí uisce báistí | | € |
| 4e | críochnuithe dín (lena n-áirítear gealánacha, éadain, tairr, gáitéir, fánphíobáin) | | € |
| **5.** | **Bailchríocha** (lena n-áirítear bailchríocha ar bhallaí seachtracha / inmheánacha; bailchríocha síleála; bailchríocha tílithe / uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha; bailchríocha dín) | | € |
| 5a | bailchríocha tílithe / uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha | | € |
| 5b | péinteáil agus maisiúchán | | € |
| 5c | bailchríocha dín | | € |
| **6.** | **Seirbhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht; téamh; aeráil; cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; brathadóireacht deataigh / $CO_2$) | | € |
| **7.** | **Feistis** (lena n-áirítear aonaid cistine; feistis sláintíochta / feistis don seomra folctha) | | € |
| 7a | aonaid cistine | | € |
| 7b | earraí sláintíochta / feistis don seomra folctha | | € |
| **8.** | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha / láithreáin riachtanacha arna ndéanamh laistigh de chúirtealáiste an láithreáin) | | € |
| **9.** | **Síneadh** laistigh de raon na forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, mar chuid d'athchóiriú níos leithne | | € |
| **10.** | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha** (táillí / suirbhéanna) | | € |

Cé mhéad a chosnóidh an obair san iomlán, CBL san áireamh, dar leat? €

**Ba cheart d'iarratasóirí meastachá(i)n a sholáthar maidir leis na hoibreacha atá beartaithe.**

An féidir leat íoc as aon chostas breise **nach bhfuil clúdaithe** ag an deontas? ○ IS FÉIDIR ○ NÍ FÉIDIR

Ba chóir go mbeadh úinéirí tí ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013. Féach www.hsa.ie

Má tá tú ceadaithe le haghaidh deontais agus mura bhfuil siad suiteáilte cheana féin, beidh na rudaí seo a leanas uait:

- ar a laghad dhá aláram deataigh / teasa – féinchuimsitheach le ceallra 10 mbliana
- brathadóir aonocsaíde carbóin má úsáideann tú téamh breosla iontaise amhail gás nó gual. Ní mór don bhrathadóir aonocsaíde carbóin an caighdeán – EN 50291 (marcáilte ar an mbosca) – a chomhlíonadh.

Cé mhéad aláram atá suiteáilte cheana féin sa teach ina ndéanfar an obair?

| | |
|---|---|
| Aláraim deataigh / teasa | |
| Brathadóirí aonocsaíde carbóin | |

## Cosaint Sonraí

De réir an dlí, ní mór d'iarratasóirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar san fhoirm seo. Déileálfar le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil faoi rún, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Chun an t-iarratas seo a phróiseáil, tabhair faoi deara go bhféadfaidh an t-údarás áitiúil do shonraí pearsanta (faisnéis) a roinnt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Féadfaidh tú sonraí an Bheartais Cosanta Sonraí agus ár Ráiteas Príobháideachais a léamh ar shuíomh gréasáin d'údaráis áitiúil. Mínítear sa pholasaí conas agus cén fáth a n-úsáidfear sonraí pearsanta agus soláthraíonn sé faisnéis faoi do chearta mar ábhar sonraí. Tá an beartas ar fáil freisin i bhformáid pháipéir má iarrann tú é ó d'oifig d'údaráis áitiúil.

## Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé ar an iarratas seo fíor agus cruinn.

| | |
|---|---|
| Síniú an iarratasóra/ na n-iarratasóirí | |
| Dáta: | |

## Seicliosta do gach atá le cur leis an bhfoirm seo

Cuirfear moill ar d'iarratas má tá sonraí agus doiciméid in easnamh. Cabhróidh an seicliosta seo leat na doiciméid go léir atá de dhíth maidir le d'iarratas a chur isteach.

**Beidh an méid seo a leanas ag teastáil ó gach iarratas:**

**An fhoirm seo.** Comhlánaithe go hiomlán. ☐

**Cruthúnas go bhfuil an réadmhaoin folamh.** ☐

**Meastachá(i)n maidir leis na hoibreacha atá beartaithe.** ☐

**Cruthúnas úinéireachta nó fianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoin a cheannach má tá formheas á lorg i bprionsabal.** ☐

**Tá fianaise a dheimhníonn go bhfuil an réadmhaoin neamhfhónta ó thaobh struchtúir de agus contúirteach má tá iarratas á dhéanamh ar an deontas breisithe do réadmhaoin thréigthe.** ☐

**Aon doiciméadacht ábhartha eile a thacóidh le d'iarratas (m.sh. fianaise ar chead pleanála nó deimhniú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála)** ☐

# Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?

### Cad a tharlaíonn nuair a sheolaim m'iarratas isteach?

Déanfaidh d'údarás áitiúil an méid seo a leanas:

1. seiceáil chun a chinntiú go bhfuil sé críochnaithe.
2. socrófar go dtabharfaidh foireann theicniúil oiriúnach ó d'údarás áitiúil cuairt ar an réadmhaoin chun a chinntiú gur féidir an obair a dhéanamh agus costais réamh-mheasta na n-oibreacha pleanáilte a mheas.
3. scríobhfar chugat chun a chur in iúl duit ar éirigh le d'iarratas agus inis duit cé mhéad de dheontas atá formheasta nó go bhfuair tú formheas i bprionsabal. Beidh cruthúnas úinéireachta ag teastáil sula n-íocfar deontas.
4. iarrfar ort eolas a chur isteach ón gconraitheoir/ó na conraitheoirí atá ag déanamh na hoibre amhail a n-uimhir thagartha cánach chun a sonraí imréitigh cánach a sheiceáil.
5. soláthróidh an t-údarás áitiúil comhaontú atá le síniú agat ina bhfuil an comhaontú aisghlámtha lena n-áirítear muirear ar an réadmhaoin.
6. lorgófar sonraí an chuntais bhainc a n-íocfar an deontas chuige nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích.
7. lorgófar sonrasc don obair chríochnaithe agus socrófar go dtabharfaidh teicneoir ó d'údarás áitiúil cuairt ar an réadmhaoin chun a dhearbhú go bhfuil an obair curtha i gcrích.

### Tuilleadh eolais a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar d'údarás áitiúil

Féadfaidh d'údarás áitiúil a iarraidh ort roinnt doiciméad breise a sheoladh isteach amhail na doiciméid seo a leanas:

- fianaise ar chead pleanála nó deimhniú díolúine faoi na hAchtanna Pleanála.

### Cad a tharlaíonn nuair a sheolaim m'iarratas isteach?

Déanfaidh d'údarás áitiúil an méid seo a leanas:

### Maidir le deontais thar €10,000

Má tá an deontas formheasta níos mó ná €10,000, **beidh ort** imréiteach cánach a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar imréiteach cánach trí úsáid a bhaint as seirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim ag www.revenue.ie. Mura bhfuil rochtain agat ar an idirlíon, féadfaidh tú glaoch ar na Coimisinéirí Ioncaim ar 1890 306 706, agus seolfaidh siad foirm iarratais chugat sa phost.

Ní mór duit d'fhoirm iarratais chomhlánaithe ar imréiteach cánach a sheoladh chuig Seirbhísí Custaiméara, Rannóg an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach, V94 R972.

### Mura bhfaigheann tú an deontas, is féidir leat achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh

Uaireanta ní éireoidh le hiarratas chuig d'údarás áitiúil ar dheontas. Mura n-éiríonn le d'iarratas, féadfaidh tú scríobh chuig d'údarás áitiúil chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh. Ní mór duit scríobh chuig d'údarás áitiúil **laistigh de thrí seachtaine ó dháta an chinnidh bhunaidh**, agus a mhíniú go soiléir cén fáth a bhfuil achomharc á dhéanamh agat. Déanfaidh oifigeach údaráis áitiúil nach raibh baint aige leis an measúnacht bhunaidh an t-achomharc sin a mheas ansin agus rachaidh siad i dteagmháil leat leis an toradh. D'fhéadfadh go dtógfadh sé sin suas le sé seachtaine.

**Go raibh maith agat as an bhfoirm seo a líonadh isteach.**
Má tá aon cheist agat, déan teagmháil leis an Oifigeach Tithe Folmha i d'údarás áitiúil.

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta